Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9373/26**

**RECH 222**
**ASIE 19**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 4*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Áise-an Aigéine, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia in aon chláir de chuid an Aontais agus leis an Meitheal um Thaighde, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*